Cáilíonn na mílte leanaí le haghaidh tacaíochtaí cúraím leanaí

Tús á chur le Cúram Leanaí ar Phraghas Réasúnta Anois

Treoir thapa agus éasca duitse

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

Cad nach mór duit a bheith ar eolas agat

Ó Mheán Fómhair, cáileoidh leanaí idir 6 mhí agus 36 mí atá i gcúram leanaí atá cláraithe le Tusla le haghaidh tacaíochtaí cúram leanaí, agus tacaíochtaí cúram leanaí breise le haghaidh líon mór leanaí eile faoi 15 bliana d'aois.

Gach Leanbh.
Gach Teaghlach.
Gach Réigiún.

Cúram Leanaí á dhéanamh níos saoire

Mar is eol do chuile thuismitheoir, bíonn an costas cúram leanaí níos airde nuair a bhíonn na leanaí faoi 3 bliana d'aois - toisc go dteastaíonn tuilleadh uaireanta cúraim agus go bhfuil sé níos daoire cúram leanaí ar chaighdeán ard a sholáthar do leanaí an-óg.

Mar sin, chun cuidiú le teaghlaigh an costas sin a sheasamh, tá an Rialtas ag tabhairt tacaíochtaí nua cúram leanaí isteach do leanaí idir 6 mhí agus 36 mí (nó go dtí go gcáilíonn an leanbh le haghaidh an chláir réamhscoile saor in aisce má bhíonn sé sin níos déanaí).

Ina theannta sin, beidh tacaíochtaí cúram leanaí méadaithe nua ar fáil do theaghlaigh ar ioncam níos ísle a bhfuil leanaí faoi 15 bliana d'aois acu i gcúram leanaí atá cláraithe le Tusla.

Cuimhnigh:

Tá na tacaíochtaí cúram leanaí seo ar fáil do **gach duine, i ngach réigiún** sa tír.

Ní bhaineann siad ach amháin le leanaí atá i gcúram leanaí atá cláraithe le Tusla (lena n-áirítear naíolanna, réamhscoileanna, ionaid cúram lae agus feighlithe leanaí cláraithe.)

Ní bheidh **aon uaireanta íosta** i gceist agus **ní bheidh aon líon seachtainí uasta** de chúram leanaí in aghaidh na bliana i gceist.

Téigh chuig affordablechildcare.ie chun TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL

Tús á chur le Cúram Leanaí ar Phraghas Réasúnta Anois

Téigh chuig **affordablechildcare.ie** chun TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL

An Roinn Leanaí
agus Gnóthaí Óige

Department of
Children and Youth Affairs